www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2011**

# Irish

## Assessment Unit A2 2

## Section A

Listening

**[AI221]**

**THURSDAY 2 JUNE, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2011
Irish
Advanced
Listening Component

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

Foinse

Bhí díomá an domhain ar Ghaeilgeoirí na tíre ar an Aoine 26ú Meitheamh 2009 nuair a fógraíodh go raibh deireadh ag teacht le foilsiú an nuachtáin *Foinse*. Glacadh an cinneadh nuair a theip ar chainteanna idir *Foinse* agus Foras na Gaeilge maidir le maoiniú an nuachtáin.

Is cosúil go raibh *Foinse* i bhfiacha móra nuair a tháinig titim mhór ar ioncam ón fhógraíocht. Cé gur bhain *Foinse* an conradh is déanaí chun nuachtán seachtainiúil Gaeilge a chur ar fáil do phobal na hÉireann, dúirt úinéir an nuachtáin nár leor an deontas de 355,000 euro, a thairg Foras na Gaeilge dó, chun an nuachtán a choinneáil beo.

Tá *Foinse* á fhoilsiú go seachtainiúil gan teip ó tháinig an chéad eagrán amach i Mí Dheireadh Fómhair 1996. Dúirt úinéir an nuachtáin go raibh sé an-bhródúil as an obair uile a rinne an nuachtán ar son na Gaeilge le breis agus dhá bhliain déag. Dúirt sé fosta go raibh comhoibriú an-mhaith idir *Foinse* agus Foras na Gaeilge le linn na mblianta sin. Tá an chuma ar an scéal, áfach, nach raibh an dá thaobh ábalta teacht ar réiteach maidir le dáiliúchán an nuachtáin.

Ghabh úinéir an nuachtáin buíochas le gach duine a raibh baint aige le *Foinse* ó 1996 i leith. Dúirt Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge go bhfuil díomá air gur ghlac úinéir an nuachtáin an cinneadh deireadh a chur le *Foinse*. Dúirt sé go gcaillfear deich bpost dá dheasca. Dúirt bainisteoir tairgíochta *Foinse* gur cailliúint uafásach gan ciall ar bith a bhí ann.

Bhí eagarthóir an nuachtáin Seán Tadhg Ó Gairbhí iontach brónach faoin scéal deireadh a chur le *Foinse*. Ghabh sé buíochas leis an fhoireann a raibh sé ag obair léi. Thug sé le fios go raibh sé de phribhléid aige bheith ag obair leis an fhoireann a bhí thar a bheith díograiseach, dar leis. Dúirt sé fosta gur buille trom a bhí ann do shaol iriseoireacht na Gaeilge. Ghabh sé buíochas le léitheoirí dílse an nuachtáin agus le duine ar bith a chuidigh leis thar na blianta. Beidh gá i gcónaí le nuachtán Gaeilge ar ardchaighdeán, ar nós *Foinse*, dar leis, le cur in iúl go bhfuilimid dáiríre faoi shlánú na Gaeilge.

*Arna chóiriú as* Foinse *28 Meitheamh 2009 le Bridget Breathnach*

www.xtrapapers.com

Question 2

Gaoth Dobhair

Síltear go gcosnóidh sé na milliúin euro rudaí a chur ina gceart i gceantar Ghaoth Dobhair i ndiaidh lá fada fearthainne agus tuilte móra ar an Mháirt.

Scriosadh tithe, ionad gnó, bóithre agus droichead ar an Bhun Bheag de dheasca na fearthainne. Mhair an fhearthainn trom breis agus ceithre huaire an chloig agus d'éirigh leibhéal na n-aibhneacha an-ard go hiontach gasta.

Is cosúil go raibh teach an phobail faoi ocht dtroithe uisce nuair a chuaigh an abhainn thar bruacha. Scriosadh na suíocháin, an brat urláir agus cuid de na dealbha. Sa bhliain ocht déag ochtó bádh cúigear i seanteach pobail Naomh Muire i nGaoth Dobhair nuair a tháinig na tuilte. Cé go ndearnadh neart damáiste i dteach an phobail ar an Mháirt, ar an dea-uair, níor gortaíodh duine ar bith.

B'éigean don bhriogáid dóiteáin teacht i dtarrtháil ar Eibhlín Nic Giolla Bhríde agus ar iníon léi nuair a scriosadh a siopa bláthanna de dheasca na dtuilte. Cé go gcosnóidh sé na milliúin euro an baile a ghlanadh agus na foirgnimh a athchóiriú, dúirt urlabhraí thar ceann an Chomhairle Contae nach bhfuil an t-airgead ann de dheasca an chúlú eacnamaíochta.

Tháinig lucht árachais chun an cheantair go luath an lá i ndiaidh na fearthainne troime agus meastar go mbeidh na comhlachtaí céanna thíos go mór leis. Beidh neart daoine ag iarraidh cúitimh ón lucht árachais chun a dtithe a athchóiriú. Dúirt Máire Uí Fhearraigh go ndearnadh damáiste mór dá teach agus nach bhfaca sí a leithéid de scrios lena linn.

Scriosadh na mílte leabhar sa leabharlann áitiúil. Chaith cuid de mhuintir na háite tamall inné ag dul tríd na leabhair uile le fáil amach an dtiocfadh leo iad a shábháil. Rinneadh dochar mór don trealamh sa Chlub Óige fosta.

Cé gur tharla an tragóid nuair a bádh cúigear sa seanteach pobail ag tarraingt ar chéad tríocha bliain ó shin, tá cuimhne mhaith ar an eachtra i seanchas na háite go fóill. Chuir an fhearthainn throm agus na tuilte ar an Mháirt an tragóid a tharla sa bhliain ocht déag ochtó i gcuimhne do mhuintir na háite. Tá eagla orthu go dtiocfadh lena leithéid tarlú arís.

Idir an dá linn tá muintir na háite ag impí ar an rialtas airgead breise a chur ar fáil don chomhairle contae chun an áit a ghlanadh agus na foirgnimh a athchóiriú.

*Arna chóiriú as* Foinse*, le Eoin Mc Garvey, 28 Meitheamh 2009*

This is the end of the recording